

Scéim Comhionannais don Fhoras Teanga Thuaidh/Theas

Arna dhréachtú de réir Alt 75 agus Sceideal 9
den Northern Ireland Act 1998

Faofa ag Coimisiún Comhionannais Thuaisceart
Éireann Nollaig 2013

ACHOIMRE

Tá an doiciméad seo ar fáil i réimse formáidí ar iarratas.
Déan teagmháil linn le do thoil maidir le do riachtanais.
(Sonraí teagmhála ar leathanach 2.)

Sonraí Teagmhála

Is féidir gach ráiteas, iarratas agus ceist maidir le haon rud sa doiciméad seo a chur chuig ceachtar den dá Áisíneacht ag na seoltaí thíos:

An Ghníomhaireacht Ultach-Albanach:

David McCallum

Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

An Ghníomhaireacht Ultach-Albanach, 68/72 Sráid Mhór Victoria,

Béal Feirste BT2 7BB

Teil. 028 9023 1113

Facs 028 9023 1898

Ríomhphost mccallumd@ulsterscotsagency.org.uk

Foras na Gaeilge:

Seán Ó Coinn

Leas-Phríomhfheidhmeannach/Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais

Foras na Gaeilge, Teach na Banríona, 2/4 Sráid na Banríona,

Béal Feirste BT1 6ED

028 9089 0970

028 9089 0972

socoinn@forasnagaeilge.ie

1. Dualgais faoi Alt 75

Faoi Alt 75 agus Sceideal 9 den *Northern Ireland Act* 1998 tá dualgas ar an bhForas Teanga Thuaidh/Theas scéim comhionannais a cheapadh a léireoidh conas mar a chuirfear comhionannas deiseanna chun cinn sna feidhmeanna uile a chuirfear i gcrích i dTuaisceart Éireann.

Éilíonn Alt 75 dualgas cothromaíocht deiseanna a chur chun cinn i measc naoi gcatagóir agus éilítear aird a bheith againn ar inmhianaitheacht caidreamh maith a chothú idir daoine nach ionann creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil nó grúpa cine dóibh.

Is iad na naoi gcatagóir daoine ná –

- daoine nach ionann creideamh reiligiúnach, tuairim pholaitiúil, grúpa cine, aois, stádas pósta nó claonadh gnéis dóibh
- fir agus mná i gcoitinne
- daoine atá faoi mhíchumas agus daoine nach bhfuil
- daoine a bhfuil cleithiúnaithe acu agus daoine nach bhfuil.

Táimid tiomanta do chomhlíonadh ár gcuid dualgas faoi Alt 75 i ngach réimse freagrachta. Is iad Príomhfheidhmeannaigh Tha Boord o Ulstèr-Scotch agus Fhoras na Gaeilge atá freagrach as feidhmiú éifeachtach na scéime comhionannais. Tugann an cháipéis seo achoimre ar an scéim comhionannais agus leagann sé amach cad tá ar intinn leis an bplean a fheidhmiú.

2. An Foras Teanga Thuaidh / Theas

Aon eagrais amháin atá san Fhoras Teanga Thuaidh/Theas a thuairiscíonn don Chomhairle Aireachta Thuaidh / Theas, ach a bhfuil dhá ghníomhaireacht ar leith ann, atá don chuid is mó neamhspleách; An Ghníomhaireacht Ultach-Albanach, (Tha Boord O Ulstèr-Scotch) agus Foras na Gaeilge. Is iad na Ranna Urriáochta don Fhoras Teanga Roinn an Phobail i dTuaisceart Éireann agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta i bPoblacht na hÉireann.

Tha Boord o Ulstèr-Scotch

Tá freagracht ar Tha Boord o Ulstèr-Scotch níos mó feasachta ar an Ultais agus a húsáid, agus níos mó feasachta ar shaincheistean an chultúir Ultach-Albanaigh, a chur chun cinn laistigh de Thuaisceart Éireann agus ar fud an oileáin. Is iad príomhfheidhmeanna na Gníomhaireachta

tacaíocht a thabhairt do phobail atá páirteach in imeachtaí Ultach-Albanach trí chúnamh deontais;
an t-infreastuctúr agus cumas i bpobail Ultach-Albanacha a fhorbairt;
an raon deiseanna do dhaoine sult a bhaint as imeachtaí Ultach-Albanach agus bheith páirteach iontu a mhéadú;
an tUltach-Albanachas a phríomhshruthú trí ghníomhaíochtaí cultúrtha níos leithne;
táirgí agus deiseanna turasóireachta a fhorbairt i gcomhpháirt le páirtithe straitéiseacha;
Comórthaí tábhachtacha a bhaineann le hUltach-Albanaigh a cheiliúradh;
baic roimh rannpháirtíocht sa chultúr Ultach-Albanach a bhaint ar shiúl, go háirithe do dhaoine óga, daoine a bhfuil míchumais acu, daoine ó ghrúpaí mionlacha eitneacha agus daoine atá eisiata go sóisialta;
aitheantas agus feasacht idirnáisiúnta a bhaint amach don chultúr Ultach-Albanach;
teagasc sa chultúr Ultach-Albanach a mhéadú i scoileanna i bhforais réamh-bhunscolaíochta, bhunscolaíochta, iar-bhunscolaíochta agus treasacha;
dul chun cinn a dhéanamh i dtreo stádas Chuid III a bhaint amach do theanga na hUltaise faoin Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh.

Tá príomhoifig na Gníomhaireachta i mBéal Feirste agus tá fo-oifig i Rath Bhoth (Co. Dhún na nGall). Tá faoi láthair 18 san fhoireann i bpost agus tá Príomhfheidhmeannach agus dhá Stiúrthóir i mbun na heagraíochta. Tá struchtúr na heagraíochta leagtha amach ag Aguisín A. Tá Institiúid Léann na Ultaise curtha ar bun ag an nGníomhaireacht, i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Uladh, ag Campas Mhig Aoidh.

Foras na Gaeilge

Tá freagracht ar Fhoras na Gaeilge as cur chun cinn na Gaeilge ar bhonn uile-oileáin. Tá ról aige comhairle a thabhairt do lucht riaracháin, Thuaidh agus Theas, chomh maith le heagrais phoiblí agus grúpaí eile san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí, i ngach ní a bhaineann leis an nGaeilge. Chomh maith leis sin gabhann sé de lámh tionscadail tacaíochta agus tugann sé cúnaimh deontais do chomhlachtaí agus do ghrúpaí ar fud oileán na hÉireann.

Is iad feidhmeanna Fhoras na Gaeilge:

- an Ghaeilge a chur chun cinn;
- a húsáid a éascú agus a spreagadh sa chaint agus sa scríbhneoireacht sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, i dTuaisceart Éireann mar a mbeidh éileamh cuí ann;

comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus dheonach;
tionscadail tacaíochta a ghabháil de láimh agus cúnamh deontais a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheasfar is gá;
taighde, feachtais tionscnaimh agus caidreamh poiblí agus caidreamh leis na meáin, a ghabháil de láimh;
téarmaíocht agus foclóirí a fhorbairt;
tacú le hoideachachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

Tá príomhoifig na heagraíochta i mBaile Átha Cliath le fo-oifigí i mBéal Feirste, i mBaile Átha Buí (Co. na Mí) agus Gaoth Dobhair (Co. Dhún na nGall). Tá faoi láthair 63 san fhoireann i bpost agus tá Príomhfheidhmeannach agus ceithre Stiúrthóir i mbun na heagraíochta.

3. Plean Gníomhaíochta Comhionannais

Táimid plean gníomhaíochta á fhorbairt leis an gcomhionannas deiseanna agus an dea-chaidreamh a chur chun cinn. Beidh sé seo bunaithe ar iniúchadh ar neamhionannais a bhaileoidh eolas faoi gach ceann de chatagóirí Alt 75 leis na héagothromaíochtaí atá ann dóibh siúd a mbaineann ár bpolasaithe dóibh a aithint.

4. Comhairliúchán

Tá tiomantas do chomhairliúchán atá iomlán agus a bhfuil brí leis lárnach don scéim comhionannais. Aithnímid an tábhacht atá le comhairliúchán faoi gach gné dá mbaineann le dualgais Alt 75 agus cuirfidimid i bhfeidhm treoirlínte dea-chleachtais agus sinn i mbun comhairliúcháin. Déanfar iarracht ar leith gach comhairliúchán a bheith tráthúil, oscailte agus cuimsitheach.

Tá liosta lucht comhairliúcháin sa scéim comhionannais (Aguisín 3) a rachfar i gcomhairle leo i dtús ama, mar ghnáthnós, ar pé ceist atá faoi chaibidil le deimhniú go bhfuil siad ar an eolas faoi gach comhairliúchá, Ina dhiaidh sin, leis an leas is éifeachtaí a bhaint as ár gcuid amhainní féin agus acmhainní lucht comhairliúcháin, glacfaimid cur chuige spriocbhunaithe i gcás comhairliúchán dóibh siú is mó a mbeadh spéis acu sa cheist faoi chaibidil.

Cuirfidimid na prionsabail seo leanas i bhfeidhm agus sinn i mbun comhairliúcháin –

1. Tosófar a luaithe agus is féidir.
2. Úsáidfear modhanna éagsúla comhairliúcháin le haghaidh grúpaí éagsúla ag brath ar a riachtanais – cruinnithe i bpearsan, grúpaí comhairliúcháin, suirbhéanna, painéil comhairleacha agus pléfhóiraim

idirlín.

3. Déanfar measúnú ar inrochtaineacht agus formáid gach modha comhairliúcháin a úsáidfear le bacanna a shárú páirt a ghlacadh sa phróiseas.
4. Cuirfear oiliúint orthusan a éascaíonn comhairliúcháin le deimhniú go bhfuil na scileanna cuí acu le cumarsáid éifeacht a dhéanamh leis an lucht comhairliúcháin.
5. Deimhneofar go gcuirfear an t-eolas cuí ar fail don lucht comhairliúcháin faoinár ról agus ár gcur chuige i leith dualgais Alt 75 I gcáipéisíocht comhairliúcháin agus ag gach cruinniú comhairliúcháin.
6. Déanfar iarracht fad 12 seachtaine a chur i leataobh le haghaidh comhairliúcháin fad agus is féidir, agus níos faide má bhíonn tréimhse saoire i gceist.
7. Déanfar iarracht a dheimhniú go mbeidh rannpháirtíocht iomlán ann ag cruinnithe comhairliúcháin – cuirfear san áireamh go cúramach am an chruinnithe agus cé chomh hoiriúnach agus atá an láthair, modh eagraithe an chruinnithe agus socruithe maidir le cúram leanaí.
8. Cuirfear gach eolas ábhartha ar fáil don lucht comhairliúcháin I bhformáidí cuí le fíorchomhairliúchán a dheimhniú agus le deimhniú go bhfuil a ndóthain eolais acu le gur féidir leo machnamh ceart a dhéanamh faoi impleachtaí ár gcuid moltaí. .
9. Cuirfear aiseolas ar fáil don lucht comhairliúcháin go tráthúil.

5. Measúnú ar thionchar polasaithe

Agus aon chinneadh á dhéanamh maidir le polasaí a glacadh nó a mholtar é a ghlacadh, cuirfear san áireamh aon mheasúnú agus comhairliúchán a rinneadh i dtaca leis an bpolasaí.

Úsáidimid, mar uirlisí, **scagthástáil** agus **measúnú tionchair chomh-ionannais** le tionchar féideartha ag polasaí ar chur chun cinn comhionannas deiseanna agus an dea-chaidrimh a mheas.

(a) Scagthástáil

Déanfar scagthástáil ag an deis is luaithe sa phróiseas faofa nó molta le bheith faofa trí na ceisteanna seo leanas a chur:

1. Cad é an tionchar féideartha ar chomhionannas deiseanna dóibh siúd a mbaineann an polasaí seo leo, do gach ceann de chatagóirí comhionannais Alt 75? (beag/mór/rud ar bith)
2. An bhfuil deiseanna ann le comhionannas deiseanna a chur chun cinn níos fearr do dhaoine i gcatagóirí comhionannais alt 75?

3. Cé chomh mór is dócha a bheidh tionchar an pholasaí ar an dea-chaidreamh idir daoine nach ionann creideamh reiligiúnda, tuairim pholaitiúil nó grúpa cine dóibh? (beag/mór/rud ar bith)
4. An bhfuil deiseanna ann leis an dea-chaidreamh idir daoine nach ionann creideamh reiligiúnda, tuairim pholaitiúil nó grúpa cine dóibh a chur chun cinn níos fearr?

Leis na ceisteanna scagthástála a fhreagairt, tiomsóimid faisnéis faoi na riachtanais, eipéiris agus tosaíochtaí éagsúla do gach ceann de chatagóirí chomhionannais Alt 75. Bunaithe ar phlé ar an bhfaisnéis seo leanfaidh ceann amháin de na trí thoradh seo a leanas:

1. tá an polasaí 'scagthástáilte isteach' i gcomhair measúnú tionchair chomhionannais
2. tá an polasaí 'scagthástáilte amach' le maolú nó polasaí malartach molta le glacadh
3. tá an polasaí 'scagthástáilte amach' gan mhaolú nó polasaí malartach molta le glacadh

Sa chás go ndéanaimid maolú déanfaimid breac-chuntas inár dteimpléad scagthástála ar na cúiseanna le tacaíocht a thabhairt don chinneadh seo chomh maith leis na hathruithe, leasuithe nó polasaí malartach. Cuirfear gach teimpléad scagthástála ar ár suíomh gréasáin agus cuirfear in iúl don lucht comhairliúcháin gurb ann dó.

(b) Measúnú Tionchair Chomhionannais

Más dóigh le scagthástail gurb é an toradh dóchúil a bheidh ar pholasaí ná tionchar 'mór', is gnách go ndéanfaí measúnú tionchair chomhionannais ar an bpolasaí. Seo anailís chríochnúil chórasach ar pholasaí, le haon tionchair ag polasaí ar chatagóirí Alt 75 a dheimhniú agus a dheimhniú más drochthionchar atá ann. Deis atá ann chomh maith na dea-thorthaí féideartha a d'fhéadfadh bheith ag polasaí agus le bealaí a lorg leis an gcomhionannas deiseanna agus an dea-chaidreamh a chur chun cinn níos fearr.

Beidh aon mheasúnú tionchair chomhionannais faoi réir comhairliúcháin ag an gcéim chuí nó na céimeanna cuí. Foilseofar torthaí aon mheasúnú tionchair chomhionannais ar ár suíomh gréasáin a luaithe agus a thiocfaidh deireadh leis an bpróiseas.

6. Monatóireacht

Féadann an mhonatóireacht cuidiú linn seirbhísí poiblí níos fearr agus feabhsuithe leanúnacha a sheachadadh. Déanaimid monatóireacht ar aon drochthionchar ar chomhionannas deiseanna ag polasaithe atá glactha againn. Táimid tiomanta freisin do mhonatóireacht a dhéanamh ar bhonn

níos leithne le deiseanna a aithint chun an comhionannas deiseanna agus an dea-chaidreamh a chur chun cinn níos fearr de réir threoir an Choimisiúin Chomhionannais.

Thar dhá bhliain má léiríonn monatóireacht agus measúnú go bhfuil de thoradh ar pholasaí drochthionchar níos measa ná mar a tuaradh, nó má thagann deiseanna chun cinn a mbeadh comhionannas deiseanna á chur chun cinn níos mó dá mbarr, cinnteoidimid go ndéanfar an polasaí a athbhreithniú le torthaí níos fearr a bhaint amach do ghrúpaí comhionannais bainteacha.

Is é is brí le monatóireacht bailiú, agus tiomsú sonraí ó bhunfhoinsí agus foinsí tánaisteacha agus anailís a dhéanamh orthu agus coimisiúnú sonraí nua nuair is gá.

Athbhreithnímid ár n-eolas monatóireachta MTC ar bhonn bliantúil agus cuirimid na torthaí ar fáil sa tuairisc bhliantúil ar dhul chun cinn chuig an gCoimisiún Comhionannais a fhoilsítear ar ár suíomh gréasáin

7. Oiliúint foirne

Aithnímid go bhfuil ról lárnach ag ardú feasachta agus cúrsaí oiliúna i bhforfheidhmiú éifeachtach ár gcuid dualgas faoi Alt 75. Cuireadh an fhoireann ar fad ar an eolas faoi, Scéim Comhionannais agus faoi na dualgais a leagann Alt 75 orainn agus cuirfear baill foirne nua ar an eolas fúthu mar chuid dá n-ionduchtú. Cuirimid sainoiliúint ar fáil chomh maith d'eocharbhaill foirne atá bainteach go díreach le forfheidhmiú ár gcuid gealltanais faoin scéim comhionannais. Déanaimid measúnú ar éifeachtacht na hoiliúna ar bhonn rialta.

8. Rochtain ar Eolas

Táimid tiomanta a chinntiú go bhfuil an t-eolas a scaipimid agus na seirbhísí a chuirimid ar fáil go hiomlán inrochtana do gach páirt den phobal i dTuaisceart Éireann.

Le comhionannas deiseanna maidir le rochtain ar eolas a chinntiú, cuirimid eolas ar fáil i bhformáidí malartacha ar iarratas, nuair atá sin indéanta go réasúnta. D'fhéadfadh go n-áireofaí ar fhormáidí malartacha Easy Read, Braille agus closformáidí (CD, mp3 nó DAISY), cló mór nó teangacha mionlaigh le riar ar riachtanais daoine nach é an Béarla a gcéad teanga.

An príomh-mheán le heolas faoi obair gach Gníomhaireachta a scaipeadh ná an dá shuíomh gréasáin:

www.ulsterscotsagency.org.uk

www.forasnagaeilge.ie

9. Gearáin

Táimid freagrúil ar thuairimí bhail an phobail. Déanfar tréaniarracht gach gearán a thugtar dúinn a réiteach go pras agus déanfar comhoibriú iomlán le haon fiosrúchán a dhéanfadh an Coimisiún Comhionannais a d'eascródh as.

10. Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú bliantúil ar an dul chun cinn ar fhorfheidhmiú na Scéime Comhionannais agus tuairisceofar don Choimisiún Comhionannais. Geallfaimid go dtabharfar faoi athbhreithniú cuimsitheach ar an Sceim Comhionannais tar éis 5 bliana.